# Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Ag an gcruinniú AFMÁ, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Cuideoidh an tacaíocht struchtúrtha seo do Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le comhsheasmhacht agus cothroime a dheimhniú laistigh den scoil agus idir scoileanna nuair a bhíonn breithmheas á dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí'. Is ón bplé a thiocfar ar chomhaontú maidir le caighdeáin (Creat don tSraith Sóisearach (2015), leathanaigh 8 agus 9).

## Múinteoir

### Roimhe

- Breathnú ar na Gnéithe Cáilíochta
- Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta agus tuairiscín sealadach a bhronnadh
- Samplaí oibre an scoláire ó gach tuairiscín, más féidir, a roghnú le plé a dhéanamh orthu ag an gcruinniú AFMÁ

### Lena linn

- Cuireann múinteoir píosa oibre i láthair
- Déanann an grúpa an obair a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta
- Is é an t-éascaitheoir a threoraíonn an plé
- Bíonn an fócas ar an gcur chuige 'is fearr a oireann' 'ar an iomlán'
- Leantar leis an bpróiseas, ar a sheal, i gcomhair sampla ag gach ceann de na leibhéil tuairiscíní eile

### Ina dhiaidh

- Tuairiscín sealadach a mhionchoigeartú más cuí
- Tuairiscín deiridh a thuairisciú de réir prótacal na scoile
- Athmhachnamh a dhéanamh ar an gcruinniú AFMÁ

## Éascaitheoir

### Roimhe

- Samplaí oibre a bhailiú ó mhúinteoirí do thuairiscín gach gráid, más indéanta
- Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ
- Ionad, am agus acmhainní a eagrú don chruinniú AFMÁ

### Lena linn

- Tús a chur leis an gcruinniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar phrótacail don chruinniú
- An cruinniú a éascú, a threorú agus an plé a thabhairt chun cinn
- Monatóireacht a dhéanamh ar an ord reatha
- Ceistiúchán éifeachtach a léiriú ag fócasú ar a fheabhas a oireann obair na scoláirí do na Gnéithe Cáilíochtaí

### Ina dhiaidh

- Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh isteach
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas AFMÁ

Measúnuithe

Tá breis eolais ar an bpróiseas AFMÁ mar aon le doiciméid ábhartha le fáil ag:
https://www.jct.ie/leagangaeilge/maths/assessment_ga